Seán Clárach Mac Dónaill

curtha in eagar ag

Éamonn Ó hÓgáin

Is le filí na tréimhse c.1700–1900 a bhaineann an tsraith seo. Is é is príomhaidhm don sraith saothar na bhfilí nach bhfuil teacht go saoráideach anois air a chur ar fáil i bhfoirm shoiléir sholéite. Díreoidh an tsraith go háirithe ar an mac léinn tríú leibhéil agus ar an léitheoir cothrom. Mioneagráin (rogha ionadaíoch) a bheidh i gceist, ach amháin i gcás an fhile ar bheagán saothair. Leanfar, tríd is tríd, de leagan amach *Nua-dhuanaire* agus de na prionsabail eagarthóireachta seo:

- na heagráin a bhunú ar na LSS is intaofa agus is údarásaí;
- gan léamha ná malairtí a thabhairt ach amháin sa chás gur gá sin agus fadhb théacsúil á plé;
- litriú na Gaeilge, mar a réalaítear sin in FGB 2, a chur i bhfeidhm tríd síos ach litriú stairiúil (*Gaoidheal*, *saoghal*) nó litriú canúnach (*caethach*, *tréighid*) a úsáid de ghrá na meadarachta, más gá sin;
- sínte fada neamhstairiúla a chur i bhfeidhm, de ghrá na meadarachta, (i) ar ainmneacha pearsanta (*Títan*, *Céarnaid*) agus (ii) ar fhocail eile (*cóthrom*, *sómpla*) nuair is forás neamhrialta sin (murab ionann is *ard*, *binn*, etc);
- gan a chur sa bhfoclóir ach (i) focail, nó foirmeacha focal, nach bhfuil in FGB 2, (ii) focail ársa neamhchoitianta agus (iii) focail a bhfuil brí neamhchoitianta acu;
- teidil na ndánta a bhunú ar na ceannscríbhinní má sholáthraíonn siad teidil oiriúnacha; mura ndeineann, teidil a cheapadh.

Seán Clárach Mac Dónaill

Seán Clárach Mac Dónaill

curtha in eagar ag Éamonn Ó hÓgáin

Filí 3

Eagarthóir Sraithe: Breandán Ó Buachalla

Field Day Publications/Keough-Naughton Institute for Irish Studies
Baile Átha Cliath, 2011

Cóipcheart © 2011 ag Éamonn Ó hÓgáin. Gach ceart ar cosnamh.

ISBN 978-0-946755-46-2

Á fhoilsiú ag Field Day Publications agus an Keough-Naughton Institute for Irish Studies sa University of Notre Dame. Is le cabhair deontais i gcomhair tograí Gaeilge a d'íoc an tÚdarás um Ard-Oideachas trí Choláiste na hOllscoile, Corcaigh, a foilsíodh an leabhar seo.

Field Day Publications
Newman House
86 Faiche Stiabhna
Baile Átha Cliath 2
Éire

www.fielddaybooks.com

Curtha in 10.5pt/13.5pt Quadraat
Red Dog Design Consultants a dhear
Clóbhuailte ar Trucard agus Munken Lynx

Clár

Noda **ix**

Réamhrá **1**

Dánta

1 Ar Éirinn **18**
2 Oíche an Aonaigh **20**
3 Comhairceann mo Mhacaomh **21**
4 Ar Bhás Shéamais Mhic Coitir **23**
5 Iomarbhá **24**
6 Marbhna Shéamais Uí Dhónaill **26**
7 Ar Bhás Dhonncha mhic Sheáin Bhuí Mhic Cárthaigh **30**
8 Aisling Sheáin Chláraigh **31**
9 D'Éirinn **33**
10 D'Ógmhnaoi Chois Máighe **34**
11 Ar Sméideadh Súl **36**
12 Gráinne Mhaol **38**
13 Aithris Dúinn, a Dheoraidh **40**
14 Séimh-Eana Priar **41**
15 Do Sheon Eana **43**
16 Litir Abhaile **44**
17 Do Thomás Mac Ádaim **45**
18 Ar Bhás Shéamais Dawson **47**
19 Scéala Áthais **49**

20 Gach Gaoidheal Geal Greannmhar **51**
21 Litirscéal **53**
22 Do Chormac Spáinneach **55**
23 Ar Maidean Inné **57**
24 Bímse Buan ar Buairt **59**

Nótaí **61**
Foclóir **109**
Innéacs **163**
Foinsí **177**
Línte Tosaigh **184**

Noda

ARÉ = *Annála Ríoghachta Éireann* (O'Donovan)
DIL = *Dictionary of the Irish Language* (Quin)
Dinn = *Foclóir Gaedhilge agus Béarla* (Dinneen)
FF = *Foras Feasa ar Éirinn* (Comyn, Dinneen)
ITS = Irish Texts Society
OG = Oifig Ghinealais, An Leabharlann Náisiúnta, Baile Átha Cliath
Onom. = *Onomasticon Goedelicum locorum et tribuum Hiberniae et Scotiae* (Hogan)
SP = State Papers, Public Records Office, London
TD = *The Poems of Tadhg Dall Ó hUiginn* (Knott)
TI = *General Alphabetical Index to the Townlands and Towns, Parishes and Baronies of Ireland (Based on the census of Ireland of the year 1851)* (Dublin 1861, athchló 1997)



Cuid de Chúige Mumhan (Thiar, Theas agus Thuaidh).

Réamhrá

Tá cáil ar Sheán Clárach Mac Dónaill (1691–1754) mar fhile Seacaibíteach. Chreid sé go daingean go raibh ceart le sinsearacht ag rítheaghlach na Stíobhartach ar 'choróin na dtrí ríochta' — Sasana, Albain agus Éire. Is sampla maith d'fhile Gaeilge é a raibh comhshamhlú déanta aige ar an Seacaibíteachas mar chuid de shaoithiúlacht na Gaeilge agus den aigne Ghaelach. Sna dánta polaitíochta aige, tá sintéisiú idir leagan amach an tseanchais agus an laochais a bhí sa Ghaeilge siar amach agus ceart na Stíobhartach chun na corónach. Mar tháthú coincréiteach idir an dá ghné tuisceana sin, tá spreagadh ag rith trí na dánta sin aige ó na himeachtaí polaitíochta comhaimseartha a bhain le cabhair mhíleata a bheith á lorg ag na Stíobhartaigh chun teacht ar ais i gcoróin.

D'fhairsingigh sé seánra na haislinge ní hamháin i réimse na polaitíochta ach i gcúrsaí grá agus sa chaoineadh chomh maith. Tugann sé a léiriú sainiúil féin i bhfriotal beo meanmnach ar ghnéithe den ré inar mhair sé agus den chaidreamh a chleacht sé lena chomhdhaoine. Nochtann sé chugainn leis ina dhíol trua agus ina sciolladóir gránna araon agus ina fhear a chaoineann a lucht aitheantais go géar agus go sollúnta. Cé go raibh an dóchas agus an spleodar go láidir ann, tagann an duairceas ar barr ó am go chéile ina chuid dánta.

Tá ar a laghad sé dhán is caoga leagtha ar Sheán Clárach Mac Dónaill sna lámhscríbhinní ach níl cóip d'aon cheann acu tagtha slán óna lámh féin. Roghnú de cheithre dhán is fiche as a dhéantúis liteartha atá sa chnuasach seo. Roghnaíodh na dánta mar shamplaí de scóip an ábhair atá ina shaothar agus den láimhsiú fileata sa Ghaeilge a chleacht sé.

De réir na hinscríbhinne i Laidin atá ar leac i reilig an Bhaile Shalaigh ar imeall na Rátha i dtuaisceart Chontae Chorcaí, tá 'Iohanes Mc Donald cognominatus Clarag' curtha san uaigh fúithi. Tá tugtha mar thuairisc air san inscríbhinn gur éag sé sa bhliain 1754 in aois a thrí bliana agus seasca, gurbh fhear dílis Caitliceach é, go raibh sé oilte

go maith i dtrí theanga — an Ghréigis, an Laidin agus an Ghaeilge, agus gurbh fhile léannta tréitheach é. Ní fios cathain a cuireadh an leac os a chionn ach bhí sí ann agus an inscríbhinn uirthi nuair a thug Crofton Croker cuairt ar an áit sa bhliain 1821 (Crofton Croker 1824: 102, O'Leary 1893: 182).

Tá dúiche na Rátha luaite riamh mar cheantar dúchais Sheáin Chláraigh. An t-aon lámhscríbhinn amháin (CF20) óna lámh a bhfuil teacht uirthi inniu is cóip í a dhein sé de *Foras Feasa ar Éirinn* 'an [= in] Charlevill' sna blianta 1721–22, is é sin, sa Ráth. Is go dtí an Ráth a chuaigh Éamann de Bhál (1683–1755) chun cuairt a thabhairt ar theach Sheáin de réir lámhscríbhinne (RIA A iv 2: 24) a scríobhadh *c.* 1751–57. Bhí an scéal sa Ráth sa cheathrú dheireanach den naoú haois déag gurbh ar an gClaí Buí nó ar an gCoill Thuaidh tamall siar ón Ráth a bhíodh cónaí ar Sheán Clárach (O'Leary 1876–78: 268, 1893: 180). Dhealródh sé, áfach, nárbh as an áit sin i gcóngar na Rátha é ó thosach. Nuair a bhí sé ar deoraíocht i gContae Thiobraid Árann, chuir sé litir abhaile i bhfoirm dána (**16**) go dtí cara leis, Risteard Ó Murchú, ina ndúirt sé:

is dúinne ní dúchas go scaoilfe an chnead
go siúlad go Brú Thoinne arís tar ais. (**16**: 11–12)

Sa cheannscríbhinn atá ar an dán sa lámhscríbhinn (RIA A iv 2: 62) deirtear gur chuir Seán Clárach an litir '... chum Ristird Uí Mhurchú go Baile an Amhráin ó Chontae Thiobraid Árann, óir is ann do chónaigh Seán an tan san d'éis Brú Thoinne .i. a dhúiche dhílis, d'fhágáil'. Baile fearainn i bparóiste Bhaile an Teampaill, deich gciliméadar siar ó dheas ón Ráth, is ea Brú Thoinne. Beagnach leath slí idir an Ráth agus Baile an Teampaill atá baile fearainn Bhaile an Amhráin. In iomarbhá scamhailéireachta a tharla idir é féin agus an tAthair Seán Ó Briain, sagart paróiste Bhaile an Teampaill, cuireann an sagart a mhallacht ar Sheán ('an smearadh smantach') go hEanach (MN M2: 156), faoi mar gurbh é in Eanach a bhí Seán ag cur faoi. Baile fearainn i bparóiste Bhaile an Teampaill é Eanach. Ar na tagairtí sin a ghlacadh le chéile, dhealródh sé gurbh ó pharóiste Bhaile an Teampaill do Sheán Clárach ó thosach, agus go sonrach ó Eanach. Mar neartú leis an tuairim sin, bhí an sainainm Clárach luaite le duine, Dermod oge Claraghe, den gharastún ar chaisleán Eanaigh sa bhliain 1598, agus bhí Shane McDonell ar dhuine eile acu (Caulfield 1878: xvi). Thuairimigh Ó Foghludha (1933: 9) gurbh iad sin sinsir Sheáin Chláraigh.

Mar leis an mbun atá leis an ainm Clárach níl aon fhianaise áititheach le fáil a dheimhneodh cé acu arbh ainm cine é nó leasainm a thugtaí mar chur síos ar dhuine ar leith. Dúirt O'Daly (1844: 4), áfach, go raibh an t-ainm mar ainm cine ar mhuintir Sheáin Chláraigh sa Ráth anuas go dtí 1836 ar a laghad. Is cinnte nach raibh aon bhrí tharcaisneach leis an bhfocal. 'Seán Mac Domhnaill ris a ráitear Seán Clárach' a thug sé air féin (CF20: 86), agus is é sin a thugadh lucht a chomhaimsire air.

Tá trí thuairim caite le bunús an ainm cheana. Dar le Hardiman (1831: 140), ba ó 'Claragh', áit a gcónaíodh a mhuintir, cnoc a dúirt sé a bhí idir Mala agus an Ráth, a tugadh Clárach air. Thiar in aice le Muisire in iarthar Chorcaí, soir ó dheas ó Shráid an Mhuilinn, atá cnoc a bhfuil Clárach air; 'Cnoc Clárach' a bhí ag Seán na Ráithíneach Ó Murchú ar an gcnoc sin (Ó Donnchadha 1954: 315). Bhí míniú eile ag O'Daly (1849: 35), gur toisc go raibh aghaidh leathan air a tugadh an t-ainm air. Bhí an tríú míniú ag O'Leary (1893: 182), gurbh ó Chontae an Chláir a tháinig sinsir Sheáin Chláraigh ó thús agus gur chun iad a aithint thar theaghlaigh eile den sloinne céanna sa cheantar a leagadh an t-ainm cine Clárach orthu. Ó shean-Ghaeilgeoir, Liam Ó Giobúin ó Áth an Mhuilinn siar ón Ráth, a fuair seisean an t-eolas, agus gur dhuine de mhuintir Sheáin Chláraigh féin a d'inis dósan é.

Más fíor 'go raibh sé oilte i dtrí theanga — an Ghréigis, an Laidin agus an Ghaeilge' mar atá maíte ar leac a uaighe, ní foláir nó gur cuireadh scolaíocht mhaith air. Timpeall na bliana 1667 bhunaigh Roger Boyle (1621–79), an chéad Iarla Orbhraí, scoil chlasaicí sa Ráth. Thuairimigh Ó Foghludha (1933: 11) gur sa scoil sin a d'fhoghlaim Seán Clárach an Ghréigis agus an Laidin — agus an Béarla. Bhí roinnt áiteanna in áirithe do Chaitlicigh sa scoil. Sa bhliain 1748 deineadh easpag ar dheoise Chorcaí de Risteard Breatnach. I ndán comhghairdis a cheap Seán Clárach dó dúirt sé go raibh aithne acu ar a chéile as a n-óige agus go raibh siad ar aon scoil le chéile:

Damhsa is feasach an fear
ó thós óige go heascar,
bhámar mar aon de ghréas
ádhbhar ag raonadh róibhéas.

Thugamair tréimhse nach táir
ag scolaibh saora seanáir
ag cnuas ealadhan is oghaim
buan gan faillighe ag foghlaim.
(MN M2: 171)

Pé scolaíocht a cuireadh air, ní foláir nó bhí cáil ar Sheán i dtaobh na teangacha clasaiceacha a bheith ar eolas aige. Thug file ar shagart é de theist ar Sheán gurbh fhear é a bhí 'dána i gceart na Laidne króga' (**5**: 26), agus dúirt Sylvester O'Halloran, mac aintín leis (Ó Muirithe 1986: 85), go raibh Seán Clárach ag beartú ar shaothar Hóiméir a aistriú go Gaeilge ach nár chuaigh an gnó chun cinn (O'Halloran 1772: 162). Tá an cuntas atá tugtha aige ar a chuid scolaíochta doiléir go maith agus is deacair brí chinnte a bhaint as na línte

ag scolaibh saora seanáir
ag cnuas ealadhan is oghaim.

Níor mhór a thabhairt faoi deara go bhfuil níos mó ná scoil amháin i gceist nuair a deir sé 'ag scolaibh'. Is mó a shamhlófaí ceartscríobh na Gaeilge leis an bhfocal 'oghaim' ná na teangacha clasaiceacha agus an Béarla a bhí á múineadh i scoil chlasaicí na Rátha. Is léir óna chuid filíochta go raibh sé láneolach ar léann scríofa na Gaeilge, rud atá le tuiscint ón tagairt don Ghaeilge ar leac a uaighe.

Sa ré inar mhair Seán Clárach bhí an saol ina mbeadh pátrúnacht le fáil ag file as a chuid filíochta imithe. Tá fianaise ann ar ghnóthaí éagsúla a bheith ar siúl aige i rith a shaoil. Bhí sé ina scríobhaí ar lámhscríbhinn amháin Gaeilge ar a laghad do dhuine eile. Ba 'ar fhoráileamh an Athar Thaidhg Uí Dhonnchadha, sagart paróiste Bhealaigh Átha' a dhein sé cóip de Foras Feasa ar Éirinn (CF20: 86). Bhí sé ina oide múinte Gaeilge ag Sylvester O'Halloran, 'from whom, when a boy, I learned the rudiments of our language' (O'Halloran 1772: 162). De réir sheanchas na háite, ba ina fheirmeoir láidir a bhí sé nuair a bhí sé ina chónaí ar an gCoill Thuaidh i gcóngar na Rátha (O'Leary 1893: 180).

Mura bhfuil a fhios go cinnte conas a bhain sé a bheatha amach, tá a fhios go maith cad iad na cúinsí polaitíochta faoinar mhair sé — ré choscrach chráite ag Gaeil agus ag Caitlicigh na hÉireann. Bhris arm rí Uilliam Oráiste go tubaisteach ar arm Shéamas II Stíobhart ag an mBóinn sa bhliain 1690. Theith Séamas chun na mór-roinne agus súil aige go bhfaigheadh sé cabhair ó naimhde Shasana chun a choróin a ghabháil ar ais. Bhí an tsúil chéanna ag a mhac Séamas III, agus ag a mhac siúd Séarlas Óg, súil go raibh dealramh éigin léi ar a laghad anuas go dtí briseadh Chúil Lodair sa bhliain 1746.

Faoi réimeas Uilliam Oráiste (1688/89–1702), deineadh coigistiú ar thailte lucht leanúna Shéamas II. Fáisceadh na péindlithe ar na Caitlicigh agus ar an Eaglais Chaitliceach lena linn agus le linn a chomharba, Anne. Deirfiúr bhean Uilliam ba ea Anne, agus iníon le Séamas II. Protastúnach dígeanta ba ea í, ar a shon gur Chaitliceach ba ea Séamas. Tháinig Seoirse I, toghthóir Hannover na Gearmáine, an chéad duine de na Seoirsí, ina rí ar an mBreatain i gcomharbas ar Anne, agus Seoirse II ina dhiaidh siúd. Protastúnaigh ba ea na Seoirsí agus gan dóchas ag Caitlicigh go bhfaighidís a gcearta uathu.

Seacaibíteach a bhí tiomanta do chúis na Stíobhartach ba ea Seán Clárach. B'ionann a ré saoil agus an ré ina raibh dóchas go n-éireodh le rítheaghlach na Stíobhartach an choróin a ghabháil ar ais. Cuid an-tábhachtach dá chuid ceapadóireachta iad na dánta a bhaineann le cor na Stíobhartach thar lear. Dánta iad sin atá lán de scéala i dtaobh iad a bheith ag teacht nó gan a bheith ag teacht chun a gceannas 'cirt' a bhaint amach arís. Ba é tús agus deireadh a theachtaireachta, dá mbeadh an Stíobhartach ar ais i gcoróin arís go mbeadh a gcearta dlíthiúla stádais, seilbhe agus creidimh le fáil ag na Caitlicigh.

Tá cuid dá dhánta Seacaibíteacha ar mhúnla na haislinge. Choinnigh sé leis na coinbhinsin a chleacht Aogán Ó Rathaille (Ó Buachalla 1996: 550–51) ina chuid aislingí siúd e.g. an spéirbhean a theacht chuige (go minic agus é trína chodladh), plé ar a hanchás arbh ionann é agus cás na hÉireann, scéala aici faoi na Stíobhartaigh, an file ag fánaíocht ina diaidh, suíomh draíochta a bheith ag na himeachtaí (**1, 2, 8, 23**).

Cabhraíonn rithim na meadarachta casta atá aige go mór chun spleodar agus beocht a chur sna dánta:

Ar maidean inné agus mé trém shuan
le hamharc an lae is gan Phoebus suas
do dhearcas-sa féin an spéirbhean uaim
  trém aisling i mbuaic an bhánchnoic;
a mala ba caol ar a héadan suairc,
is a ramhar-rosc réidh ag cur gaetha uaidh,
a carnfholt dréimreach léi 'na dhual
    ag éirí suas
    le héigean bua
is go mba samhailt a gné le géis cois cuain
    agus í ag tarraint anuas faoim dháilse. (**23**: 1–11)

Níor mhiste a thabhairt faoi deara leis go bhfuil foinn luaite sna lámhscríbhinní le ceithre cinn (**1, 2, 8, 23**) de na cúig aisling pholaitiúla, rud a thabharfadh le fios go bhféadfaí iad a rá mar amhráin go poiblí agus gur dhócha gur ceapadh iad leis an intinn sin.

Tá scéala cinnte dóchais sna haislingí aige ar fhilleadh na Stíobhartach, scéala atá bunaithe de ghnáth ar chúrsaí polaitíochta comhaimseartha ar an mór-roinn.

Tiocfaid na Saesair cé gur moilleadh a dteacht
le mioscais na Swédes 's an Régent chliste na gcleas;
an fhoireann so is tréanmhar tréadach tuilte de neart
ní coimirc dóibh sléibhte réiteach muine ná scairt.

Pilib is Clémens naofa, cuisle na lag,
Juvenis réacs den tréanfhuil Burban na gcath,
tiocfaid le chéile is déanfaid iorghail treas
is cuirfid go léir bhur Saesar chugaibh tar n-ais. (**1**: 29–36)

Do-bheirim mo bhréithir in éiric díbh
seachtain ó inné is tar éis trí mhí
go bhfeicfidh sibh Séarlas Maor 'na rí
    gan baochas puinn
    le faobhar-neart claíomh,
Sasana go léir fa chléir arís,
  is aithris gan mhoill dod chairde. (**23**: 38–44)

Ach ar shlite eile ina theannta sin chleacht sé sórt aislinge a d'fhéadfadh a bheith ina meán bolscaireachta polaitíochta níos éifeachtaí i measc an phobail, aisling a bhain níos

dlúithe le gnásanna an tsaoil thalmhaí e.g. ócáidí gnáthacha a bheith á lua, eagla mná roimh fhear ar an uaigneas agus tagairtí atá ábhar Raibiléiseach:

Oíche an aonaigh d'éis mo fhliuchta is mé go tuirseach támhach
do shuíos im aonar ar thaobh den chnoc 's gan aon den chruinne láimh liom. (**2**: 1–2)

An uair do dhearcas-sa féin an réilteann uaim
le hanfa i bpéin trém néalta suain
d'fhiosras go séimh den bhé cár ghluais
nó arb eagal di cuaird dem shláinte. (**23**: 12–15)

do shín an tsíbhean shíleach tsuairc
taobh liom suas ag déanamh taithí. (**8**: 3–4)

I dtrí tonna fíona ní fhágfam braon
gan díogadh le díogras do shláinte a ghlaoch
ar intinn gan mhoill chun tú thrácht i gcéin
chun sínte gan bhríste le Gráinne Mhaol. (**12**: 33–36).

Sna haislingí is amach as saol aineoil, saol na draíochta agus na samhlaíochta, a thagann an teachtaire le scéala faoi na Stíobhartaigh agus faoi chrua-chás na hÉireann — 'an débhean Thémis' (**1**: 23) amach as na seanchlasaicí, nó bean ón lios atá in éineacht leis an dream aerach (**2**), nó Éire mar chéile an Stíobhartaigh (**8**, **23**) 'ar a ngairmid siad Banba nó Gráinne Mhaol' (**12**: 4). Sna dánta Seacaibíteacha eile nach aislingí iad, téann Seán Clárach i leith na réadúlachta. Bean den saol seo an bhean a chasann air in (**9**), Éire agus céile an Stíobhartaigh í gan dabht, bean a bhí álainn agus uasal saibhir tráth dá raibh agus í i ndroch-chaoi anois — ach ní in aisling a chasann sí air.

na faolchoin so ag aoireacht mo thréad
is mé gan mo chéile lem thaoibh. (**9**: 19–20)

ós éigean dom chéile geal féin
mo thréigean 's gan é ag teacht faraoir. (**9**: 31–32)

Ní fios go baileach cad iad na foinsí eolais a bhíodh ag Seán Clárach i dtaobh imeachtaí polaitíochta a linne. Ar a bhéal féin, chomh maith leis na teachtairí ban, bhí éinín mar fhoinse faisnéise aige — seanchleas idirnáisiúnta a bhí coitianta ag filí Gaeilge san am chun a chur in iúl gurbh eolas rúnda é an scéala a bhí faighte ag an té a bhí á eachtraí:

Is é deir an smóilín go ceolbhinn faoi bharr na gcraobh
gur chóir díbh gan rómhoill bhur dtáclaí a ghléas,
bíodh cóir ghroí ar bhur gcóistí chun táirnt i gcéin
go bhfuil deoraí ar lóistín ag Gráinne Mhaol. (**12**: 21–24)

D'fhéadfaí a bhaint as línte tosaigh dhán (**19**), ach ní le haon siúráil, go mbíodh sé ag taisteal mórthimpeall na Mumhan ag fáil scéalta i dtaobh cabhair mhíleata a bheith ag teacht ó thar lear, nó b'fhéidir ag scaipeadh scéalta dá leithéid:

Ar dtaisteal dom tríd na críocha ar cuaird
ó Chaiseal na rí go Laoi na scuab
is i mBarrachaibh aoibhne taoibh re cuan
  is fearra do fuaras scéala —
go rabhadar míle taoiseach slua
d'aradfhuil Ghaoidhil na loingseach luath
is a leabhairbharc líonta díobh ar luail
  is a mbratacha ar luascadh in éineacht,
fá mheirgibh maíte Laoisigh mhóir
ar leirg na gaoithe is an taoide leo
le feirg ag tíocht is le fíoch na leon
    do dhíchur Sheoin
    as críochaibh Eoghain
le dtugaid arís an rí don choróin
  is a bhfearann cirt d'uaislibh Éireann. (**19**: 1–15)

Is dócha gurbh ar Chormac Spáinneach Mac Cárthaigh, go Carraig na bhFear, i mBarraigh Mhóra, Co. Chorcaí, a thug Seán Clárach a chuairt agus gur uaidh a fuair sé 'scéala'. Tharlódh nár thaisteal Seán Clárach 'ó Chaiseal ... go Laoi ...' in aon chor agus nach raibh i gceist ach slí chun misneach a spreagadh i measc lucht tacaíochta na Stíobhartach faoi rá is go raibh an dea-scéala céanna ar fud na Mumhan. Ar an taobh eile den scéal, áfach, bhí an-mheas (**22**) agus aithne phearsanta ag Seán Clárach ar Chormac Spáinneach (**22**: 6 n.). Bíodh gur athraigh Cormac creideamh, dhealródh sé nach raibh mórán iontaoibhe as ag Gaill áirithe i gCorcaigh. Timpeall na bliana 1721 agus arís sa bhliain 1726, tugadh faoi bhráid na cúirte i gCorcaigh é ach 'saoradh' é ón 'gcoir bhréige' a cuireadh ina leith an dá bhabhta (Ó Donnchadha 1954: 22, 104). Tamall ina dhiaidh sin sa bhliain 1726, thug spiaire faisnéis go raibh an Cárthach ag earcú saighdiúirí go rúnda chun dul ar an mór-roinn i seirbhís Shéamas III (SP 63: 388/41–42). Bhí an leasainm 'The Munsterman' á thabhairt air (Ó Donnchadha 1954: 247). Thuairimigh Ó Donnchadha (1954: 462) go raibh baint ag an leasainm sin le hobair a bhíodh ar siúl

ag Cormac ar son na Stíobhartach.

Tá fianaise ina chuid dánta go raibh cur amach ag Seán Clárach ar an tsáraíocht bholscaireachta a bhíodh ar siúl i mBéarla idir lucht leanúna na Stíobhartach agus lucht tacaíochta na Seoirsí. D'aistrigh sé an bailéad (**3**) a cumadh do Shéamas III chun a bhreithlá siúd a cheiliúradh ar 10 Meitheamh, 1720. Chuir sé (**24**) i mbéal Jenny Cameron, bean a bhí ina hábhar béaloidis ag an dá thaobh in aimsir chath Chúil Lodair agus ina dhiaidh sin. Gan amhras, bhíodh scéalta ag imeacht go coitianta faoi Shéarlas Óg a bheith tagtha i dtír in Albain i mbliain a 1745:

Atá báire na Sasana i ngar do bheith traochta
leághamh na salm dob annamh dá dhéanamh,
atáid na fir chalma ag tarraint go hÉirinn,
Seárlas in Albain ag gearradh na meirleach. (**20**: 17–20)

Is i ndán (**21**) is fearr atá éachtaint ar an teacht a bhí aige ar eolas reatha ar chúrsaí cogaidh thar lear. Cuntas atá aige sa dán ar na blianta tosaigh (1740–42) de Chogadh Chomharbas na hOstaire. Bhí Sasana páirteach sa chogadh sin ar thaobh amháin, taobh na hOstaire, agus an Fhrainc agus an Spáinn ar an taobh eile. Bhí súil ag na Seacaibítigh go mbuailfí an taobh ar a raibh Sasana agus go gcabhródh sin chun rítheaghlach na Stíobhartach a chur ar ais sa choróin. Tá sé tuairimithe ag Breandán Ó Buachalla gur i dtuairiscí i nuachtán Béarla Luimnigh nó Chorcaí a fuair Seán Clárach a chuid eolais agus gur ar fhoinsí eolais ó Shasana a bheadh na tuairiscí sin bunaithe (Ó Buachalla 1991–92: 34; Mac Craith 1994: 65). D'fhéadfadh tuairiscí a bheith faighte aige leis ó fhoinsí díreach ó Éireannaigh ar an mór-roinn. Ach pé slí ina bhfuair sé an t-eolas, ní raibh an scéala chomh maith dáiríre ag na cumhachtaí a bhí i gcoinne Shasana agus a bhí á chur in iúl ag Seán Clárach. Is cinnte go gcaithfeadh sé a leagan féin a chur ar an insint a bheadh ag teacht ó Shasana. Thuig sé conas casadh a chur sa scéala a chabhródh chun na Gaeil a spreagadh chun tacaíocht a thabhairt don Stíobhartach.

Ina bholscaire poiblí do Ghaeil atá an file agus é ag fógairt a scéala os ard:

Éistígí lem ghlórthaibh, a mhórshliocht Mhiléisius,
is díbhse ba deonach mo sceolta a scaipeadh,
bhur saoithe cé leointe, bhur leoin is bhur laochra
i gcríoch Inis Fódla gan fód gan fearann;
atá an báire le Pilib ar muir is ar tír ... (**21**: 1–5).

Cé go bhfuil an cuntas ar ar thit amach i Muir Chairib cruinn go maith,

atá a [*Seoirse*] fhlít briste breoite 's níl fóirthint acu,
an méid sin dá fhoirinn nár imigh i gcian

is léir nár ligeadh aon duine acu aniar,
beidh cuimhne go deo acu ar ghleo Chartagéna
is ar slíobadh dá seoltaibh i bPórt Sebastian (**21**: 12–16),

níl an cuntas ar imeachtaí san Iodáil anseo ag teacht lena raibh ag titim amach ann dáiríre:

Tá Montemar mómhrach go treorach ag téarnadh
go loingseach, go leonta, go lómhar lasmhar,
le tintibh, le toirnigh, le tórmach, le tréine,
le saoithibh, le slóitibh, le ceoltaibh catha,
Mantua agus Milan táid tuilte dá bhuín,
tá Tuscany ag titim chum Pilib gan mhoill (**21**: 25–30 n.)

Dánta spreagúla lán de dhóchas iad dánta (**19**, **20**, **21**), agus tagairtí iontu a thabharfadh le fios dá lucht éisteachta go dtabharfadh na Stíobhartaigh an svae leo gan mhoill. Tharla an matalang, áfach, agus briseadh go tubaisteach ar arm Shéarlais Óig i gcath Chúil Lodair. Is uaibhreach brónach agus is rithimeach meanmnach na focail a chuir Seán Clárach i mbéal 'na mná Albanaí', Jenny Cameron, agus í ag cur síos ar a briseadh croí i ndiaidh Shéarlais. Agus is mar amhrán a cumadh an dán agus fonn luaite leis sna lámhscríbhinní — agus ní mar chaoineadh beo:

Bímse buan ar buairt gach ló
ag caí go cruaidh 's ag tuar na ndeor
mar scaoileadh uainn an buachaill beo
is nach ríomhthar tuairisc uaidh, mo bhrón.

Curfá

Is é mo laoch mo ghille mear!
is é mo Saesar gille mear!
ní bhfuaras féin aon tsuan ar séan
ó chuaigh i gcéin mo ghille mear! (**24**: 1–8)

Is cosúil é le hAonghas Óg,
le Lughaidh mac Céin na mbéimeann mór,
le Cú Raoi ard mac Dáire an óir
taoiseach Éirnigh tréan ar tóir. (**24**: 33–36)

Ach sinntear stáir ar chláirsigh cheoil
is líontar táinte cárt ar bord
le hintinn ard gan cháim gan cheo
chun saoil is sláinte d'fháil dom leon. (**24**: 45–48).

Léiríonn a chuid dánta polaitíochta taobh diongbháilte dochloíte dá charachtar, ach tá tréithe eile dá chuid nochta aige i ndánta a bhféadfaí dánta pearsanta a thabhairt orthu.

Ní bhíonn aon leisce air agall seirce a chur ar mhná óga, más fíor dó féin, le barr laochais. De ghnáth, bean den saol seo a bhíodh i gceist:

a stuaire an tséin, mur bhfuasclair mé
is me brúite i dtaom le róshearc cléibh
dod phearsain 's duit féin, is náireach. (**10**: 6–8)

déanam súgradh, a ghaithleann ghrinn,
níl aoinneach dúinn i ngar ach sinn (**11**: 21–22)

ach, bhí éileamh aige ar an mnaoi ón saol sí leis:

d'éas go lom 'na déidh le fonn,
níor aontaigh leam is mé ar mearaí (**8**: 21–22)

agus níorbh aon bhac air bean phósta a bheith aige cheana, dar le mnaoi amháin ón saol seo, pé scéal é:

is gur féidir liom a mheas as t'aois
go bhfuil céile chumtha chailce chaoin
dár ghéillis rún is searc do chroí
san mbaile thíos id dheoidhse. (**11**: 53–56)

Bhí an diablaíocht ghrinn nó an íoróin ag baint leis i ndán a cheap sé 'D'Ógmhnaoi Chois Máighe' (**10**), dhealródh sé, nuair a deir sé tar éis í a mholadh go cranna na gréine:

Is binne a guth beoil ná an ceol do chanaid
na druide fé dhó le spórt cois Máighe (**10**: 17–18),

agus a fhios ag fia agus ag fiolar gur guth garbh gan aon cheol ann a bhíonn ag an éan sin. Ag magadh faoi féin agus faoi ghnás na huaisleachta atá sé sa dán céanna (**10**: 29–30)